# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 9

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** An 8 Meán Fómhair 2025

**Am:** 11:00am – 4:00pm

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Téamaí Trasghearrtha** | **Réasúnaíocht:** Chomhaontaigh an mheitheal go bhfuil an réasúnaíocht soiléir ach tharraing sí aird ar an ngá atá le comhsheasmhacht, cothromaíocht scileanna agus eolais, agus béim laghdaithe ar bheartas poiblí.<br><br>**Aidhmeanna:** D'fháiltigh an mheitheal roimh an mbéim ar chumas gníomhúcháin pearsanta agus comhthéacs baile, ach mhol sí ailíniú níos dlúithe leis na snáitheanna, an teanga a bheachtú, agus tagairtí litearthachta digití agus beartais a mhaolú.<br><br>**Téamaí Trasghearrtha:** Chuir na baill ábhar imní in iúl go bhfuil na téamaí róleathan, casta agus ina ndúbláil ar an snáithe aontaitheach, rud a fhágann go bhfuil gá le béim níos láidre ar chur i bhfeidhm praiticiúil. |
| **Snáithe 1 Torthaí Foghlama** | D'fháiltigh an mheitheal roimh an dul chun cinn soiléir agus roimh an mbéim phraiticiúil ach mhol sí laghdú a dhéanamh ar shonraí sa cholún foghlaimíonn scoláirí faoi, dúbláil a sheachaint agus torthaí a bheachtú chun ailíniú agus cur i bhfeidhm a neartú. |
| **Snáithe 2 Torthaí Foghlama** | Tharraing na baill aird ar an mbéim chomhaimseartha agus phraiticiúil mar láidreacht, agus luaigh siad freisin inneachar iomarcach, forluí idir torthaí, ceisteanna faoin litearthacht airgeadais agus faoin ngeilleagar ciorclach, agus tuairimí measctha maidir le todhchaí teicstílí. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: an 14 Deireadh Fómhair 2025** |